C/2025/111

10.1.2025

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
An acmhainneacht a bhaineann leis an bhfuinneamh geoiteirmeach don aistriú glas
(tuairim féintionscnaimh)

(C/2025/111)

Rapóirtéir: **Zsolt KÜKEDI**
Comhrapóirtéir: **Thomas KATTNIG**

Comhairleoir	József RIBÀNYI (thar ceann an rapóirtéara)
Cinneadh ón Tionól Iomlánach	11.7.2024
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
An rannóg atá freagrach	An Rannóg um Iompar, Fuinneamh, Bonneagar agus an tSochaí Faisnéise
Dáta a glactha sa rannóg	26.9.2024
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	23.10.2024
Seisiún iomlánach Uimh.	591
Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/ staonadh)	238/0/5

1. Conclúidí agus moltaí

1.1. Is foinse fuinnimh leanúnach agus iontaofa atá i gceist leis an bhfuinneamh geoiteirmeach nach mbíonn ag brath ar dhálaí aimsire agus lenar féidir teas nó leictreachas a tháirgeadh ar bhonn leanúnach de lá agus d'oíche. D'fhéadfadh an-tábhacht a bheith ag baint leis na gnéithe sin chun luaineacht an chórais fuinnimh a laghdú.

1.2. Baineann astaíochtaí gás ceaptha teasa an-íseal le táirgeadh an fhuinnimh gheoiteirmigh, agus ar an mbealach sin laghdaítear spleáchas na mór-roinne ar bhreoslaí iontaise agus cuidíonn sé leis an mór-roinn a dhícharbónú, rud a chuireann go mór le spriocanna 2050 an Aontais maidir le haeráidneodracht a bhaint amach.

1.3. Is beag an úsáid atá á baint as na féidearthachtaí a ghabhann leis an bhfuinneamh geoiteirmeach san Eoraip. Dá bhrí sin, iarrann CESE ar an gCoimisiún Eorpach straitéis ghinearálta Eorpach a cheapadh maidir le forbairt an fhuinnimh gheoiteirmigh d'fhonn leas a bhaint as acmhainneacht an fhuinnimh gheoiteirmigh.

1.4. Leagann CESE béim ar na pointí tábhachtacha a leanas a ghabhann leis an bhfuinneamh geoiteirmeach:

— is foinse fuinnimh áitiúil é an fuinneamh geoteirmeach, rud a chiallaíonn go ndéantar an fuinneamh a tháirgeadh, a stóráil agus a thomhailt go háitiúil;

— d'fhéadfadh comhtháthú an fhuinnimh gheoiteirmigh in eangach fuinnimh na hEorpa cur le solúbthacht agus cobhsaíocht an chórais fuinnimh;

— d'fhéadfadh na réigiúin an spleáchas atá acu ar bhreoslaí iontaise a tháirgtear go háitiúil agus a allmhairítear go háitiúil a laghdú trí úsáid a bhaint as acmhainní geoiteirmeacha áitiúla, rud a fhágfadh go dtiocfadh laghdú ar an truailliú aeir agus go mbeadh praghsanna fuinnimh níos cobhsaí agus níos ísle ann;

— ós rud é gur fuinneamh áitiúil atá i gceist leis an bhfuinneamh geoiteirmeach, ní theastaíonn bonneagar líonra náisiúnta ina leith, agus dá bhrí sin, laghdaítear an caillteanas sa líonra agus neamhchosaint ar thubaistí nádúrtha agus ar thosca daonna (polaitiúil, cogadh);

— cuirtear chun cinn leis an bhfuinneamh geoiteirmeach forbairt pobal agus teaghlach fuinnimh áitiúil atá neamhspleách agus neamhthuilleamaíoch chun bheith páirteach i dtáirgeadh fuinnimh áitiúil neamhspleách ar sholáthróirí lárnacha fuinnimh;

— is fuinneamh saor agus intuartha atá i gceist leis agus d'fhéadfadh sé cuidiú le haghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht agus ar an dídhaonrú i limistéir thuaithe;

— d'ainneoin costais infheistíochta tosaigh níos airde, maidir leis an téamh geoiteirmeach agus an fuarú geoiteirmeach, a bhfuil meánchostais iomlána táirgthe níos ísle ag baint leo cheana i gcomparáid le breoslaí iontaise, d'fhéadfaidís cuidiú leis an mbochtaineacht fuinnimh a chomhrac i roinnt réigiún.

1.5. Creideann CESE nach n-oibreoidh infheistíochtaí i ngléasraí geoiteirmeacha gan idirghabháil ó na Ballstáit, tá gá le cistiú agus dreasachtaí rialtais chun infheistíochtaí tosaigh a mhealladh agus an riosca a bhaint díobh. Dá ndéanfaí athruithe ar bheartas fuinnimh nó ar mhaoiniú fuinnimh, d'fheadfadh sé sin difear a dhéanamh do tharraingteacht eacnamaíoch na dtionscadal geoiteirmeach. Molann CESE go n-úsáidfí na treoirlínte a leagtar amach in Airteagal 23 den Treoir athbhreithnithe maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn ([1]) d'fhonn dlús a chur le cur chun feidhme agus maoiniú tionscadal geoiteirmeach.

1.6. Tá gá le measúnuithe tionchair fadtéarmacha chun infheistíochtaí a bharrfheabhsú, agus tá gá le deimhneacht dhlíthiúil le haghaidh feidhmiú gléasraí cumhachta geoiteirmeacha. Ní mór coinbhleachtaí dlíthiúla náisiúnta amhail úinéireacht, mianadóireacht agus fadhbanna uisce a réiteach.

1.7. Is gá rioscaí a bhaineann le tionchair ar an gcomhshaol a shainaithint go cruinn agus a áirithiú go dtabharfaí faoi ghléasraí cumhachta geoiteirmeacha a thógáil le rannpháirtíocht na bpobal áitiúil, rud a mhéadóidh glacadh an phobail leis. Tá sé tábhachtach a chur i bhfios go láidir gur mó na tairbhí comhshaoil agus aeráide a bhaineann le fuinneamh geoiteirmeach ná na rioscaí toisc go bhfuil sé ar cheann de na foinsí fuinnimh in-athnuaite is fearr ó thaobh úsáid talún, úsáid acmhainní agus spleáchas ar allmhairí de.

1.8. Iarrann CESE ar an gCoimisiún clár Eorpach a sheoladh chun measúnú a dhéanamh ar réimsí táirgthe fuinnimh gheoiteirmigh d'fhonn freastal ar a riachtanais sonraí druileála. Bunachar sonraí geoiteirmeach atá inrochtana don phobal, líonfadh sé sin bearna, ós rud é go bhféadfaí na sonraí a úsáid chun cinneadh a dhéanamh maidir leis na limistéir Eorpacha inar fiú infheistíocht a dhéanamh san fhuinneamh geoiteirmeach.

1.9. Baineann acmhainneacht mhór nuálaíochta le forbairt an fhuinnimh gheoiteirmigh. Dá bhrí sin, molann CESE na nuálaíochtaí a leanas:

— 'cúigiú saoirse an mhargaidh aonair' ([2]) a thabhairt isteach chun feabhas a chur ar thaighde, nuálaíocht agus oideachas geoiteirmeach ar fud an Aontais chun leas a bhaint as sineirgí agus barainneachtaí scála;

— comhchiste taighde agus forbartha a bhunú chun acmhainneacht gheoiteirmeach a fhorbairt;

— an cistiú poiblí agus príobháideach atá ann cheana a úsáid chun infheistíochtaí geoiteirmeacha a spreagadh;

— tacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí nuathionscanta, d'fhiontair nuálacha agus do threoirthionscadail;

— leas a bhaint as sineirgí le hearnálacha/ionstraimí eile: meascán d'fhuinneamh geoiteirmeach agus de ghrianfhuinneamh, giniúint hidrigine (neamh-leictrilít), stóráil uisce/fuinnimh i seanmhianaigh ghníomhacha nó thréigthe (saothrú láithreán athfhorbraíochta).

1.10. Iarrann CESE ar an gCoimisiún deireadh a chur le bacainní rialála ar riachtanais phleanála agus cheadaithe. In áit cur chuige atá ilroinnte agus scaipthe, ba cheart ionad ilfhreastail tiubhaithe agus tapa maidir le ceadúnú a thabhairt isteach.

([1]) Treoir (AE) 2023/2413 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Deireadh Fómhair 2023 lena leasaítear Treoir (AE) 2018/2001, Rialachán (AE) 2018/1999 agus Treoir 98/70/CE a mhéid a bhaineann le fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle (IO L, 2023/2413, 31.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2023/2413/oj).

([2]) 'The addition of a fifth freedom to the existing four, to enhance research, innovation and education in the Single Market.' – féach *Much more than a market*, tuaruascáil ó Enrico Letta.

2. **Barúlacha ginearálta**

An fuinneamh geoiteirmeach mar theicneolaíocht shoiléir le haghaidh aistriú fuinnimh tapa agus cuimsitheach

2.1. Tá an fuinneamh geoiteirmeach fréamhaithe sa teas inmheánach a fhaightear ón domhan, rud a thagann ó theas a scaoiltear le linn fhoirmiú an phláinéid. Soláthraítear leis méideanna ollmhóra d'fhuinneamh in-athnuaite ó cheann ceann na bliana is féidir a úsáid le haghaidh téamh in-athnuaite, fuarú, giniúint leictreachais agus stóráil fuinnimh, nó fiú le haghaidh eastóscadh inbhuanaithe mianraí amhail litiam. Is beag seans go n-éireoidh leis an Aontas na spriocanna dícharbónaithe d'earnáil an téimh agus an fhuaraithe a bhaint amach gan dlús suntasach a chur le húsáid an fhuinnimh gheoiteirmigh.

2.2. Go teoiriciúil, d'fhéadfadh an fuinneamh geoiteirmeach a fháil áit ar bith, ach is mór na héagsúlachtaí a bhíonn i gceist maidir le féidearthachtaí agus éifeachtúlacht a úsáide i limistéir gheografacha éagsúla (féach acmhainneacht gheoiteirmeach). Bíonn infhaighteacht an fhuinnimh gheoiteirmigh ag brath freisin ar shaintréithe struchtúracha agus geolaíocha an domhain (tiús screamh an domhain agus an sreabhadh teasa atá ann), ar an ngrádán geoiteirmeach (ráta an ardaithe teochta faoi dhromchla an domhain) ar dhálaí geolaíocha agus ar uisce a bheith ann mar mheán aistrithe.

2.3. Is minic a thugtar 'fathach suain' ar an bhfuinneamh geoiteirmeach, ainm a thagraíonn dá acmhainneacht neamhshaothraithe ar fud na hEorpa. De réir tuarascála ó Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin Eorpaigh, in 2021 sháraigh ollacmhainneacht giniúna leictreachais gheoiteirmigh an Aontais 1 GWe, agus ba é 877 MWe an ghlanacmhainneacht ([3]). Sheas táirgeadh leictreachais gheoiteirmigh an Aontais do 6 717 GWth, nó 0,2 % den leictreachas san Aontas. Ba é 2,2 GWth ([4]) toilleadh suiteáilte na hearnála téimh agus fuaraithe ceantair gheoiteirmigh in 2021. Ar an iomlán, sheas an fuinneamh geoiteirmeach do 2,8 % den fhuinneamh in-athnuaite a úsáideadh chun fuinneamh príomhúil a tháirgeadh le haghaidh téamh agus fuarú ceantair san Aontas in 2021 ([5]). Fanann an ráta úis cobhsaí bliain i ndiaidh bliana. Mar sin féin, léirítear treocht dhinimiciúil leis an bhfuinneamh geoiteirmeach, le tionscadail nua agus soláthar méadaithe ar an leibhéal náisiúnta ar fud na hEorpa sa Ghearmáin (50 %), sa Pholainn (15,6 %) agus san Ungáir (11 %) ([6]).

2.4. Tá gléasraí cumhachta geoiteirmí ar cheann de na teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite is féidir fuinneamh leanúnach cobhsaí bonnualaigh a sholáthar agus níl mórán teicneolaíochtaí den sórt sin ann, ar féidir iad a oibriú ar bhealach cobhsaí thar thréimhsí fada ama, agus ag an am céanna is féidir iad a úsáid mar fhoinse sholúbtha fuinnimh chun foinsí fuinnimh in-athnuaite eadrannacha a chothromú, lena n-áirítear fuinneamh gréine agus gaoithe.

2.5. Is foinsí áitiúla iad foinsí fuinnimh gheoiteirmigh agus níl cainníochtaí móra ábhar a allmhairítear ó thríú tíortha ag teastáil lena n-úsáid, rud a laghdóidh allmhairí agus spleáchas fuinnimh, costais agus astaíochtaí, agus a fhágfaidh go mbeadh córas fuinnimh na hEorpa níos sábháilte, níos cobhsaí agus níos costéifeachtaí.

2.6. Is iad na teicneolaíochtaí is tábhachtaí a ghabhann leis an bpróiseas chun an fuinneamh geoiteirmeach a tháirgeadh ach teaschaidéil gheoiteirmeacha a bhaineann leas as an teas gar don talamh, agus táirgeadh domhain fuinnimh gheoiteirmigh, próiseas a shroicheann sraitheanna te atá gníomhach go geoiteirmeach de ghnáth trí thoibreacha druileáilte atá na mílte méadar ar doimhneacht. D'fhéadfaí teaschaidéil a thógáil beagnach áit ar bith san Eoraip, ach níl giniúint dhomhain cumhachta geoiteirmí ar fáil ach i dtíortha/réigiúin áirithe. Ní mór dúinn díriú ar thorthaí is féidir a bhaint amach go héasca. Ar an mbonn sin, agus úsáid fuinnimh gheoiteirmigh á méadú againn, ba cheart dúinn díriú ar theaschaidéil gheoiteirmeacha a shuiteáil ar bhealach a mbeadh rochtain ag gach duine orthu.

Acmhainn neamhshaothraithe san Eoraip is ea an fuinneamh geoiteirmeach

2.7. Is acmhainn ollmhór é an fuinneamh geoiteirmeach san Eoraip, acmhainn nár baineadh leas aisti den chuid is mó go dtí seo, agus lena gcuirfí deiseanna suntasacha ar fáil don mhór-roinn a mhéid a bhaineann leis an aistriú chuig fuinneamh inbhuanaithe.

([3]) Ciallaíonn 'GWe' gigeavata-leictreach.
([4]) Ciallaíonn 'GWth' gigeavata-teirmeach.
([5]) DHC Market Outlook 2024.
([6]) *Geothermal energy in the EU* ó Sheirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa.

2.8. De réir shonraí Eurostat, úsáidtear thart ar 50 % den tomhaltas fuinnimh san Aontas chun foirgnimh a théamh agus a fhuarú, agus is ó bhreoslaí iontaise a thagann thart ar 75 % den fhuinneamh sin ([7]). De réir na Comhairle Eorpaí um Fhuinneamh Geoiteirmeach (EGEC), d'fhéadfaí thart ar 25 % den tomhaltas téimh agus fuaraithe agus thart ar 10 % den tomhaltas leictreachais san Eoraip a fháil ón bhfuinneamh geoiteirmeach ([8]).

2.9. Anuas ar fhoirgnimh éagsúla a théamh, úsáidtear uisce te geoiteirmeach i dtithe gloine, chun barra a thriomú, an leac oighir a bhaint de bhóithre, chun tacú le próisis thionsclaíocha amhail paistéaradh bainne, agus déantar uisce a théamh i bhfeirmeacha éisc, gan trácht ar chríocha míochaine. Dá ndéanfaí an talmhaíocht ceaptha teasa agus an dobharshaothrú geoiteirmeach a fhorbairt tuilleadh, d'fhéadfaí an táirgeadh bia a mhéadú go mór ([9]).

2.10. Tá athrú ag teacht ar úsáid an fhuinnimh gheoiteirmigh an t-am ar fad: áirítear ar roinnt feidhmeanna a bhfuil gealladh fúthu stóráil fuinnimh theirmigh agus tógáil córas geoiteirmeach feabhsaithe.

2.11. Mar sin féin, in ainneoin an saintréithe maithe a bhaineann leis, tá dúshláin roimh eastóscadh fuinnimh gheoiteirmigh:

— Is minic a bhíonn easpa acmhainneachta i ngníomhaireachtaí ceadúnúcháin chomh maith le nósanna imeachta údarúcháin anásta;

— Is minic nach mbíonn rochtain éasca ar shonraí geolaíocha atá inrochtana go héasca nó bíonn easpa sonraí ar úsáid fuinnimh;

— Mar gheall ar easpa eolais theicneolaíoch, uaireanta ní dhírítear i staidéir féidearthachta ar an gcostas iomlán feadh an tsaolré, rud a dhéanann gannmheastachán ar shaolré gléasraí cumhachta geoiteirmí i gcomparáid le réitigh a bhfuil saolréanna níos giorra acu, rud a d'fhéadfadh a bheith níos saoire. Is beag tír a chuireann staidreamh ar fáil maidir leis an líon teaschaidéal gheoiteirmeach atá suiteáilte nó líon na gcóras téimh agus fuaraithe ceantair gheoiteirmigh etc.;

— Is minic a bhíonn laghdú riosca airgeadais i gceist le tionscadail níos mó, go háirithe iontrálaithe nua, lena mbaineann rioscaí forbartha acmhainní agus tionscadail.

Na pleananna agus na spriocanna atá ag an Eoraip maidir le húsáid fuinnimh gheoiteirmigh

2.12. Tá sé mar aidhm ag an Eoraip astaíochtaí a laghdú 55 % ar a laghad faoi 2030 ([10]) agus 90 % ar a laghad faoi 2040 ([11]).

2.13. Leis an Treoir athbhreithnithe maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn (RED III ([12])), ardaíodh an sprioc maidir le fuinneamh in-athnuaite go 42,5 % faoi 2030 agus tá sprioc 45 % leagtha síos ag tíortha an Aontais. Le hAirteagal 23 den Treoir, tugadh isteach fosprioc cheangailteach maidir le hacmhainneacht téimh agus fuaraithe inathnuaite, ar cheart í a mhéadú 1.1 pointe céatadáin in aghaidh na bliana i ngach Ballstát idir 2026 agus 2030.

2.14. An 18 Eanáir 2024, d'eisigh Parlaimint na hEorpa rún maidir leis an bhfuinneamh geoiteirmeach ([13]), ag moladh teaschaidéal agus teicneolaíochtaí fuinnimh gheoiteirmigh agus ag iarraidh 'ar an gCoimisiún straitéis de chuid an Aontais um fhuinneamh geoiteirmeach a thíolacadh lena dtabharfar treoir nithiúil do na Ballstáit agus do riaracháin áitiúla chun dlús a chur le himscaradh fuinnimh gheoiteirmigh...'.

2.15. Luaitear i straitéis an Aontais um an nGrianfhuinneamh ([14]) 'chun spriocanna an Aontais do 2030 a bhaint amach, ba cheart an t-éileamh ar fhuinnimh a chumhdaítear le grianteas agus le fuinneamh geoiteirmeach a mhéadú faoi thrí ar a laghad'.

2.16. Sa Rialachán chun feabhas a chur ar dhearadh an mhargaidh leictreachais san Aontas ([15]) a glacadh le déanaí, áiríodh an fuinneamh geoiteirmeach mar cheann de na príomhtheicneolaíochtaí chun fuinneamh a dhícharbónú.

([7]) *Share of energy from renewable sources* ó Eurostat.
([8]) *Geothermal Now: Priorities for the EU's 2024-2029 mandate*, forógra ó EGEC.
([9]) Tuarascáil ó Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe *Uses of geothermal energy in food and agriculture*.
([10]) Teachtaireacht ón gCoimisiún 'Oiriúnach do 55: Sprioc Aeráide an Aontais do 2030 a bhaint amach ar an gconair i dtreo na haeráidneodrachta'.
([11]) *Ár dtodhchaí a dhaingniú – sprioc aeráide 2040 na hEorpa agus an chonair chun na haeráidneodrachta faoi 2050 lena dtógfar sochaí inbhuanaithe, chóir agus rathúil, COM(2024) 63 final*.
([12]) Treoir (AE) 2023/2413 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Deireadh Fómhair 2023 lena leasaítear Treoir (AE) 2018/2001, Rialachán (AE) 2018/1999 agus Treoir 98/70/CE a mhéid a bhaineann le fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle (IO L, 2023/2413, 31.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2023/2413/oj).
([13]) Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 18 Eanáir 2024 ar an bhfuinneamh geoiteirmeach (2023/2111(INI)).
([14]) Straitéis an Aontais um an nGrianfhuinneamh (COM(2022) 221 final).
([15]) Togra le haghaidh Rialachán chun feabhas a chur ar dhearadh an mhargaidh leictreachais san Aontas (COM(2023) 148 final): https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:52023PC0148.

2.17. Moladh bearta sa Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta ([16]) chun a áirithiú, faoi 2030, go mbeidh acmhainneacht mhonaraíochta teicneolaíochtaí straitéiseacha glan-nialasachta áirithe, cuir i gcás, teaschaidéil agus gléasraí cumhachta geoiteirmí, san Aontas ag 40 % ar a laghad de riachtanais imscartha bhliantúla an Aontais nó go sroichfidh sí 40 % ar a laghad de na riachtanais sin.

2.18. Anuas ar sciar na bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite a mhéadú agus astaíochtaí a laghdú, ní mór páirt a thabhairt do gach duine san aistriú glas agus in iarrachtaí chun an bhochtaineacht fuinnimh a laghdú. Is gá scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh an gCiste Aeráide Sóisialta tacú le húsáid fuinnimh gheoiteirmigh trí thacaíocht dhíreach a thabhairt do na grúpaí is leochailí, amhail teaghlaigh a ndéanann an bhochtaineacht fuinnimh difear dóibh, agus ní mór gléasraí téimh ceantair ina n-úsáidtear fuinneamh geoiteirmeach a áireamh sna Pleananna Aeráide Sóisialta arna n-ullmhú ag na Ballstáit chun an Ciste Aeráide Sóisialta a chur chun feidhme d'fhonn costais agus astaíochtaí téimh agus fuaraithe a laghdú.

3. **Barúlacha sonracha**

3.1. Teastaíonn fuinneamh inacmhainne agus inrochtana ó theaghlaigh agus ó ghnólachtaí Eorpacha araon. Tá córais téimh ceantair gheoiteirmigh, córais gheoiteirmeacha idirnasctha agus ardchórais lúbiata fíor-riachtanach chun an téamh a dhícharbónú, lena n-áirítear córais téimh ceantair iontaise-bhunaithe. Gan an fuinneamh geoiteirmeach, ní bheimid in ann astaíochtaí a laghdú ná na spriocanna maidir le fuinneamh in-athnuaite a bhaint amach.

3.2. *Fuinneamh geoiteirmeach a sholáthraíonn fuinneamh slán inacmhainne lena mbaineann astaíochtaí ísle gás ceaptha teasa*

3.2.1. Maidir le forbairt agus saothrú an fhuinnimh gheoiteirmigh, agus é mar fhoinse fuinnimh ghlain, d'fhéadfadh sé sin rannchuidiú le spriocanna dícharbónaithe an Aontais a bhaint amach, ós rud é go bhfuil a astaíochtaí gás ceaptha teasa an-íseal:

— murab ionann agus foinsí fuinnimh in-athnuaite eile, tá foinsí fuinnimh gheoiteirmigh buan agus neamhspleách ar an aimsir;

— tá sé oiriúnach go háirithe chun foirgneamh a théamh agus a fhuarú, ach is féidir leis fuinneamh teirmeach a sholáthar freisin do phróisis thionsclaíocha áirithe;

— is féidir leis an bhfuinneamh geoiteirmeach leictreachas glan a tháirgeadh ag teochtaí arda freisin;

— is féidir leis an bhfuinneamh geoiteirmeach spleáchas an Aontais ar bhreoslaí iontaise allmhairithe a laghdú;

— d'fhéadfaí poist ghlasa nua a chruthú dá ndéanfaí earnáil an fhuinnimh gheoiteirmigh a fhorbairt;

— d'fhéadfaí forbairt eacnamaíoch na réigiún ina bhfuil flúirse acmhainní geoiteirmeacha a chur chun cinn agus an phleanáil spásúlachta a neartú leis an bhfuinneamh geoiteirmeach freisin.

3.3. *An fuinneamh geoiteirmeach san Aontas Fuinnimh*

3.3.1. Is colún bunúsach de lánpháirtiú na hEorpa é an margadh aonair, lena gcomhchuibhítear reachtaíocht náisiúnta agus lena gcuirtear fás eacnamaíoch, rathúnas agus dlúthpháirtíocht chun cinn. Le linn an ghéarchéim a bhí againn le déanaí, bhí an easpa comhordaithe sna margaí fuinnimh le brath go mór. I dtuairimí a d'eisigh sé roimhe seo, leag CESE béim ([17]) ar a thábhachtaí atá digiteáil an chórais fuinnimh, athchóiriú an mhargaidh ([18]) agus todhchaí an tsoláthair leictreachais agus na praghsála leictreachais san Aontas ([19]), chomh maith le rannpháirtíocht na saoránach agus aistriú cóir.

([16]) Togra le haghaidh Rialachán maidir le creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta na hEorpa a neartú (An Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta) (COM(2023) 148 final)

([17]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún — An córas fuinnimh a dhigiteáil — plean gníomhaíochta an Aontais [Com(2022) 552 final] (IO C 184/93, 25.5.2023, lch. 93).

([18]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) 2019/943 agus (AE) 2019/942 mar aon le Treoracha (AE) 2018/2001 agus (AE) 2019/944 chun feabhas a chur ar dhearadh an mhargaidh leictreachais san Aontas (COM(2023) 148 final — 2023/0077(COD)) (IO C 293/112, 18.8.2023, lch. 112).

([19]) TEN-837 - Soláthar agus praghsáil an leictreachais san am atá romhainn.

3.3.2. D'ainneoin na mbuntáistí soiléire a bhaineann leis, tá ról an-teoranta fós ag an bhfuinneamh geoiteirmeach i meascán fuinnimh an Aontais atá bunaithe ar fhoinsí in-athnuaite fuinnimh. In ainneoin go bhfuil acmhainneacht fuinnimh gheoiteirmigh roinnt limistéar Eorpach an-ard, is minic a réitímid an fhadhb a bhaineann lenár dteaghlaigh a choinneáil te nó fionnuar sna limistéir sin le réitigh aonair, ar réitigh iad sin a mbaineann truailliú leo go minic.

3.4. *Ábhair thearca a fhaightear trí ghléasraí cumhachta geoiteirmí a thógáil*

3.4.1. Tá táirgeadh tionsclaíoch agus táirgeadh fuinnimh an Aontais ag brath go mór ar amhábhair, agus is as tríú tíortha a dtagann formhór na n-amhábhar sin. Is cuid éigeantach d'fheidhmiú gheilleagar na hEorpa iad na hamhábhair sin, bíonn nochtadh suntasach acu agus bíonn tionchar (diúltach) ag an spleáchas atá againn ina leith ar iomaíochas an Aontais Eorpaigh.

3.4.2. Ní chaithfidh amhábhair chriticiúla shuntasacha agus thearca a bheith san Eoraip chun gléasraí cumhachta geoiteirmeacha a fhorbairt, mar sin ní mhéadaíonn a saothrú spleáchas na hEorpa. Ag an am céanna, maidir le heastóscadh ábhar neamhchoitianta (e.g. litiam, sulfar, etc.) a bhféadfadh a eastóscadh tráth a bheadh gléasraí cumhachta geoiteirmeacha á dtógáil, chruthódh sé sin deiseanna spreagúla do tháirgeadh an fhuinnimh gheoiteirmigh.

3.5. *Infheistíochtaí i bhfuinneamh geoiteirmeach*

3.5.1. Bíonn comhtháthú sóisialta agus rannpháirtíocht san infheistíocht ag teastáil le haghaidh gheilleagar na hEorpa. Thairis sin, d'fhéadfadh saoránaigh agus bardais Eorpacha a bheith rannpháirteach in infheistíochtaí san fhuinneamh geoiteirmeach, agus ansin d'fhéadfaidís úinéireacht a ghlacadh ar an bhfoinse fuinnimh sin agus páirt a ghlacadh ina saothrú féin.

3.5.2. Is ard iad na costais tosaigh a bhaineann le gléasraí cumhachta geoiteirmeacha nó córais téimh a thaiscéaladh, a dhruileáil agus a thógáil. Baineann ráta íseal ratha leis an druileáil, mar sin tá riosca ann d'infheistíochtaí, rud a d'fhéadfadh infheisteoirí a dhíspreagadh ón druileáil. Na infheistíochtaí tosaigh arda agus na tréimhsí fada amúchta, cruthaíonn siad éiginnteacht faoi bhrabúsacht fhadtéarmach na dtionscadal geoiteirmeach. Níonn cláir laghdaithe riosca airgeadais á bhfeidhmú ag an bhFrainc agus ag an Ísiltír. Tá CESE ag iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach piarfhoghlaim a éascú i measc na mBallstát chun scéimeanna den sórt sin a mhéadú ar fud na hEorpa, agus chun comhchiste tiomnaithe taighde agus forbartha de chuid an Aontais a bhunú chun an acmhainneacht gheoiteirmeach a fhorbairt.

3.6. *An fuinneamh geoiteirmeach agus an comhshaol*

3.6.1. Is mó na tairbhí comhshaoil agus aeráide a bhaineann le fuinneamh geoiteirmeach i gcomparáid leis na rioscaí a bhaineann leis. Tá an gléasra cumhachta geoiteirmí neamhdhíobhálach don chomhshaol, tá an fuinneamh a ghintear leis in-athnuaite, baineann astaíochtaí gás ceaptha teasa íosta leis chomh maith le lorg carbóin measartha i gcomparáid le breoslaí iontaise agus an chuid is mó d'acmhainní in-athnuaite. I gcásanna ina n-úsáidtear an fuinneamh geoiteirmeach ar bhealach inbhuanaithe, d'fhéadfadh sé a bheith ar fáil ar feadh tréimhse fada, ós rud é go ndéantar teas geoiteirmeach a athsholáthar go leanúnach le meath radaighníomhach mianraí ar an taobh istigh den domhan.

3.6.2. Mar sin féin, baineann rioscaí geolaíocha le forbairt gléasraí cumhachta geoiteirmí:

— D'fhéadfadh athruithe fodhromchla a bheith mar thoradh ar úsáid acmhainní geoiteirmeacha a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le turnamh nó le fadhbanna geoiteicniúla eile;

— D'fhéadfadh micreathonnta a spreagadh nuair a dhéantar uisce a phumpáil as taiscumair gheoiteirmeacha nó nuair a dhéantar é a phumpáil ar ais, go háirithe in ardchórais gheoiteirmeacha fheabhsaithe.

3.6.3. Baineann rioscaí comhshaoil le gléasraí cumhachta geoiteirmí a thógáil:

— I réigiúin ina bhfuil ganntanas uisce, is féidir leis an ngá atá le méideanna suntasacha uisce le haghaidh caidéalaithe agus aistrithe teasa a bheith ina fhadhb.

— Cé go meastar go bhfuil an fuinneamh geoiteirmeach glan, is féidir gáis thocsaineacha amhail suilfíd hidrigine agus mianraí tuaslagtha agus ceimiceáin a scaoileadh le linn úsáide, agus ní mór na gáis sin a dhiúscairt ansin.

3.7. ***An fuinneamh geoiteirmeach agus an críochachas***

3.7.1. D'fhéadfadh éifeachtúlacht agus infhaighteacht an fhuinnimh gheoiteirmigh a bheith an-éagsuil ag brath ar an chomhdhéanamh geolaíoch agus saintréithe teirmeacha an limistéir. Dá bhrí sin, bíonn infhaighteacht an fhuinnimh gheoiteirmigh ag brath go mór ar an suíomh. Is minic a bhíonn taiscumair ardteochta atá oiriúnach do tháirgeadh fuinnimh lonnaithe i réigiúin atá gníomhach ó thaobh na geolaíochta de, rud a d'fhéadfadh teorainn a chur le hinfhaighteacht gheografach na n-acmhainní sin.

3.7.2. D'fhéadfadh saothrú an fhuinnimh gheoiteirmigh poist a chruthú go háitiúil agus forbairt an gheilleagair áitiúil a chur chun cinn. D'fhéadfadh bardais tacú le gnólachtaí áitiúla a bhfuil fuinneamh ar chostas íseal acu, rud a fhágfadh go mbeidís tarraingteach sa rás chun gnólachtaí a athlonnú.

3.8. ***An claochlú geoiteirmeach agus digiteach***

3.8.1. Tá méid an-ard sonraí tosaigh ag teastáil chun infheistíocht a dhéanamh san fhuinneamh geoiteirmeach. Teastaíonn sonraí geolaíocha, réamhléarscáileanna infheistíochta, bunachair sonraí, nó malartú sonraí limistéir ó infheisteoirí roimh an druileáil iarbhír, rud nach bhfuil ar fáil faoi láthair.

Uaireanta bíonn sonraí agus taithí thábhachtach ag cuideachtaí a bhí ag iniúchadh le blianta fada trí dhruileáil le haghaidh ola agus gáis. D'fhonn forbairt an fhuinnimh gheoiteirmigh a chumasú, tá sé tábhachtach go roinnfeadh cuideachtaí na sonraí sin le húdaráis rialtais áitiúil agus láir. Molann CESE spriocdháta a leagan síos a mbeadh sonraí druileála arna mbailiú ag cuideachtaí príobháideacha ina sonraí poiblí ina dhiaidh, agus cosaint sócmhainní sonraí príobháideacha á cur san áireamh.

3.9. ***An lucht saothair oilte a neartú i bhforbairt an fhuinnimh gheoiteirmigh***

3.9.1. Ceann de na dúshláin is mó atá roimh an Eoraip is ea freastal ar na riachtanais lucht saothair oilte a bhaineann le struchtúr eacnamaíoch atá ag athrú, rud a chuireann teorainn le tacaíocht oibrithe don infheistíocht san Eoraip.

3.9.2. Is iomaí oibrí atá ag obair i margadh an tsaothair mar gheall ar thionscal hidreacarbóin na hEorpa. Mar gheall ar phróifíl na scileanna atá acu, beidh deiseanna maithe ar fáil d'oibrithe chun na poist a chruthófar le hinfheistíochtaí san fhuinneamh geoiteirmeach a líonadh.

3.9.3. Chomh maith le leas a bhaint as acmhainneacht an fhuinnimh gheoiteirmigh, tá gá le hidirphlé sóisialta a bhfuil bunús maith leis.

3.10. ***An nuálaíocht agus taighde agus forbairt i réimse an fhuinnimh gheoiteirmigh***

3.10.1. Faoi mar atá ráite ag CESE i roinnt tuairimí a d'eisigh sé roimhe seo, is le taighde agus forbairt agus leis an nuálaíocht a luíonn todhchaí ár n-iomaíochais. Maidir le dul chun cinn teicneolaíoch agus nuálaíocht, forbairt teicneolaíochtaí agus teicnící nua druileála, is forbairtí iad sin a bhféadfadh na costais agus na rioscaí a bhaineann le forbairt gheoiteirmeach a laghdú. Ba cheart cuid den chistiú taighde agus forbartha atá ann cheana ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear tionscnamh STEP ([20]), a chur i leataobh chun an fuinneamh geoiteirmeach a fhorbairt.

3.11. ***An fuinneamh geoiteirmeach agus córas ceadúnúcháin***

3.11.1. Tá gá le ceadúnú fairsing agus athbhreithniú comhshaoil chun tionscadail gheoiteirmeacha a fhorbairt, rud a d'fhéadfadh a bheith fadálach agus costasach.

3.11.2. Is cosúil go bhfuil nósanna imeachta um údarú Eorpach

— ilroinnte de réir tíre agus údaráis;

— fréamhaithe i gcur chuige traidisiúnta an 'ceadúnais mianadóireachta' nó arb é an cur chuige sin is mó atá i réim sna nósanna imeachta (féach gnéithe sábháilteachta meicniúla agus domhainmhianadóireachta);

— scaipthe agus á n-iompar trí phróisis chomhleanúnacha faoi roinnt údarás.

([20]) An tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip.

3.11.3. Trí rialacháin tógála a chomhchuibhiú agus a shimpliú, d'fhéadfaí costais tithíochta a laghdú, ach níor cheart go gcuirfí isteach ar rialacha sábháilteachta comhshaoil, sóisialta ná ceirde, agus níor cheart an bonn a bhaint de luachanna ailtireachta aeistéitiúla a chuireann le folláine daoine.

An Bhruiséil, 23 Deireadh Fómhair 2024.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Oliver RÖPKE